DARE

Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas

Lámhleabhar 2027

Do do threorú trí d'Iarratas DARE



www.accesscollege.ie

DARE DISABILITY ACCESS ROUTE TO EDUCATION

Na príomhdhátaí

Spriocdháta	Cad is ceart a dhéanamh
Spriocdháta CAO **Dé Luain, an 1 Feabhra 2027 ag 5pm**	Déan d'iarratas ar CAO ag www.cao.ie. Beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ó Dhéardaoin an 5 Samhain 2026. Ticeáil 'Tá' nuair a iarrfar ort an bhfuil tú faoi mhíchumas. Leis sin, tabharfar chuig an bhFoirm Eolais Breise thú.
Spriocdháta DARE **Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm**	Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Breise (FEB) ar d'iarratas CAO. Tabhair 'Tá' mar fhreagra ar Cheist 1 chun iarratas a dhéanamh ar DARE.
Spriocdháta le haghaidh cáipéisí tacaíochta **Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm** • Ráiteas Tionchair Oideachasúil • Fianaise ar Mhíchumas • Ráiteas Scoile nó tuairiscí síceolaíocha (má bhaineann siad sin leatsa).	Postáil do cháipéisí tacaíochta chuig CAO: Iarratais DARE 2027 Tower House Sráid Eglinton Gaillimh Ná déan dearmad teastas postála saor in aisce a fháil mar chruthúnas ar phostas ó oifig an phoist.

Clár na nÁbhar

Maidir leis an lámhleabhar seo	1
Réamheolas faoi DARE	3
Eolas tábhachtach le haghaidh d'iarratais CAO agus DARE	6
Amlínte le haghaidh iarratais DARE	8
Coláistí rannpháirteacha DARE	11
An mbaineann DARE liom?	12
M'iarratas DARE, 2027: eolas riachtanach	14
Cuid A: Foirm Eolais Bhreise (FEB)	14
Cuid B: Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO)	21
Cuid C: Foirm Fianaise ar Mhíchumas	26
Treoir maidir le cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil	29
Cuid D: Ráiteas Scoile	33
Treoracha Tábhachtacha le haghaidh d'Iarratas DARE	34
Na Chéad Chéimeanna Eile sa Phróiseas Iarratais	36
Nithe le Cuimhneamh Orthu	39

Maidir leis an lámhleabhar

Sa lámhleabhar seo, tá DARE ag iarraidh cabhrú leat iarratas a dhéanamh ar an mBealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE) más rud é go raibh tionchar ag do mhíchumas ar d'oideachas.

Tugtar forléargas duit ar phróiseas iarratais DARE sa lámhleabhar seo. Seans gur féidir le DARE cabhrú leat áit a fháil sa choláiste ar phointí laghdaithe.

Tá súil againn thú a fheiceáil i do rogha coláiste go luath.

Comhairle agus tacaíocht

I ngach coláiste agus ollscoil rannpháirteach tá ball foirne atá in ann comhairle a chur ort maidir le hiarratas a dhéanamh ar DARE. Más mian leat labhairt le duine faoi d'iarratas DARE nó má tá ceisteanna agat faoi choláiste nó ollscoil ar leith, déan teagmháil le haon bhall d'fhoireann DARE a liostaítear sa chuid maidir le coláistí rannpháirteacha.

Tábhachtach: Ní féidir le DARE a chinntiú, faraor, go bhfaighidh gach iarratasóir áit i gcoláiste fiú má tá siad incháilithe le haghaidh scéim DARE. An ról atá ag an lámhleabhar seo ná an próiseas iarratais a mhíniú. Cabhróidh sé sin le cur leis an seans go bhfaighidh tú áit ar do rogha cúrsa, más féidir.

Chun ceist a chur maidir le d'iarratas DARE ar líne a chomhlánú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach CAO.

- Cliceáil an cnaipe 'Déan Teagmháil Linn' ag www.cao.ie.
- Guthán: 091 509 800

Chun ceist a chur faoi na critéir do d'iarratas DARE ar líne, amhail na cáipéisí is gá, déan teagmháil le haon bhall d'fhoireann DARE a liostaítear sa chuid maidir le coláistí rannpháirteacha.



Eolas faoin bhFoirm Eolais Breise agus cáipéisí tacaíochta eile

Cáipéis/Foirm	Feidhm	Le comhlánú:
Foirm Eolais Bhreise (FEB) (a dtugtar 'Cuid A' uirthi freisin)	• Foirm iarratais ar líne ina dtugtar eolas faoi do mhíchumas agus a n-áirítear ráiteas pearsanta inti. • Ní mór í a chomhlánú faoi Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm.	Agatsa in éineacht le do thuismitheoir(í) nó do chaomhnóir(í).
Ráiteas Tionchair Oideachasúil	Eolas faoin tionchar atá ag do mhíchumas ar d'oideachas.	Ag treoirchomhairleoir, múinteoir tacaíochta foghlama, ceann bliana, múinteoir ar cuairt, leas-phríomhoide scoile nó príomhoide scoile in éineacht leatsa.
Fianaise ar Mhíchumas	Fianaise a thabhairt ar mhíchumas agus a fháil amach cé na cineálacha tacaíochta atá le cur ar fáil.	Ag gairmí ábhartha a bhfuil baint acu le do mhíchumas.
Ráiteas scoile nó tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch AGUS scóir gnóthachtála litearthachta*	Ní bhaineann sé ach le scoláirí a bhfuil disléicse orthu nó deacrachtaí suntasacha litearthachta acu.	Ag múinteoir riachtanas speisialta oideachais (RSO) agus le síniú ag príomhoide scoile nó síceolaí (i gcás measúnú síceolaíoch).

*Ní mór gach cáipéis tacaíochta a chur sa phost chuig CAO faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm.

Réamheolas faoi DARE

Céard é DARE?

Is scéim iontrála coláiste é Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE) do mhic léinn (faoi 23) ar chuir an míchumas atá orthu isteach ar a n-eispéireas foghlama agus oideachais le linn dóibh a bheith ag freastal ar an meánscoil. Téann na hiarratasóirí incháilithe DARE san iomaíocht le haghaidh áiteanna pointí laghdaithe.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar DARE?

Tá DARE dírithe ar fhágálaithe scoile atá faoi mhíchumas a bhfuil fianaise leis go raibh tionchar diúltach aige ar a n-oideachas iar-bhunscoile. Chun iarratas a dhéanamh, ní mór go mbeidh tú faoi bhun 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2027.

Is féidir iarratas a dhéanamh le:

- Ardteistiméireacht na hÉireann
- A-Leibhéil/Leibhéil AF faoin Teastas Ginearálta Oideachais (GCE)
- cáilíochtaí eile coibhéiseacha de chuid an AE.

Cé na cineálacha míchumais a dhéanann DARE a bhreithniú?

- Neamhord Easnaimh Airde (NEA)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA)
- Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU, Siondróm Asperger san áireamh)
- Dall/Deacrachtaí Radhairc
- Bodhar/Breacbhodhar
- Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) - Diospraicse
- Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta
- Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta
- Riocht meabhairshláinte (amhail dúlagar, imní throm agus scitsifréine)

- Riocht Néareolaíoch (lena n-áirítear Gortú Inchinne agus Titimeas)
- Míchumas coirp (deacrachtaí suntasacha luaineachta)
- Galar suntasach leanúnach (amhail fiobróis chisteach)
- Neamhord cumarsáide urlabhra agus teanga

Tosaíocht a thabhairt d'Iarratasóirí ar a bhfuil míchumas fisiciúil nó céadfach



Bíonn mic léinn atá faoi mhíchumas coirp agus mic léinn dhalla nó bhodhra faoi ghannionadaíocht san ardoideachas (sa choláiste) le hais na mac léinn uile atá faoi mhíchumas.

Is mian le coláistí rannpháirteacha DARE cur le líon na mac léinn DARE atá faoi mhíchumas den chineál sin i gcoláistí. Chun déanamh amhlaidh, tugann na coláistí sin tosaíocht do na grúpaí sin agus áiteanna pointí laghdaithe á leithdháileadh acu.

Cad faoi iarratasóirí lánfhásta nó mic léinn Bhreisoideachais agus Oiliúna?

I gcás mic léinn lánfhásta agus mic léinn Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET), tá a gconairí iontrála féin ar leithligh ó DARE. Ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le hoifig iontrála an choláiste lena mbaineann le haghaidh tuilleadh eolais.

Cé na buntáistí a bhaineann le hiarratas DARE a dhéanamh?

D'fhéadfaí áit a thairiscint duit go fiú mura bhfuil dóthain pointí Ardteistiméireachta agat.

Má dhéanann tú iarratas ar choláiste nó ollscoil agus má chomhlíonann tú critéir DARE, seans go dtabharfaidh an coláiste nó an ollscoil áit ar do rogha cúrsa duit fiú mura bhfuil dóthain pointí agat lena aghaidh. Cuireann gach coláiste agus ollscoil rannpháirteach áiteanna pointí laghdaithe i leataobh d'iarratasóirí DARE.

An chaoi a n-oibríonn pointí laghdaithe

Cuir i gcás gurb é 366 pointe líon na bpointí is gá le haghaidh cúrsa ar leith. Má tá tú incháilithe le haghaidh DARE, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh an coláiste áit duit mura bhfuil ach 355 pointe agat. Dála gach iarratasóra eile a chuireann isteach ar choláiste de réir a dtorthaí, áfach, bheadh ort fós an méid seo a leanas a chomhlíonadh:


- Na híosriachtanais iontrála amhail na hábhair nó na teangacha is gá do do chúrsa coláiste
- Aon riachtanas cláir ar leith

Féadfaidh an laghdú ar phointí le haghaidh áiteanna DARE a bheith éagsúil gach bliain, agus é ag brath ar:

- líon foriomlán na n-áiteanna ar an gcúrsa,
- líon na n-áiteanna ar an gcúrsa atá curtha ar leataobh do DARE,
- líon na n-iarratasóirí incháilithe DARE atá ag dul san iomaíocht le haghaidh na n-áiteanna atá curtha in áirithe.

Má éiríonn leat áit a fháil trí DARE, gheobhaidh tú réimse tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta le linn duit a bheith ag freastal ar choláiste.

An raibh a fhios agat, fiú mura bhfuil tú incháilithe le haghaidh DARE, gur féidir leat fós rochtain a fháil ar thacaíochtaí breise sa choláiste?



Eolas tábhachtach do d'iarratas CAO agus DARE

Tosaigh ag bailiú na gcáipéisí go luath

Is féidir go dtógfaidh sé tamall chun an t-eolas go léir a theastaíonn uait a fháil. Molann DARE duit tosú ag bailiú eolais ó thús mhí na Samhna 2026. Liostaítear na cáipéisí a theastaíonn uait sa treoir maidir le Fianaise ar Mhíchumas.

Freastail ar lá oscailte in 2026/2027

- Freastail ar lá oscailte i gcoláiste nó imeacht eolais de chuid DARE/HEAR chun tuilleadh a fhoghlaim faoin bpróiseas iarratais agus faoi na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil sa choláiste.
- Scan an cód MF ar an lámhleabhar clóite le haghaidh eolais faoi na laethanta oscailte agus imeachtaí eolais DARE/HEAR atá le teacht.

Ar cheart dom iarratas a dhéanamh?

Ní mór go mbeidh tú faoi bhun 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2027.

Le bheith incháilithe le haghaidh DARE, ní mór duit an dá rud seo a leanas a chomhlíonadh freisin:

- Critéir Tionchair Oideachasúil
- Critéir Fhianaise ar Mhíchumas

Míníonn DARE gach ceann de na critéir seo sa lámhleabhar seo (féach leathanaigh 21-32).

Tá sonraí iomlána na gcritéar ar fáil ag www.accesscollege.ie

Cuir buneolas ar fáil i ngach cáipéis a sheolann tú

Cinntigh go bhfuil do chuid doiciméad ar fad a sheoltar chuig an CAO soiléir agus soléite. Cuir an méid seo a leanas san áireamh ar gach leathanach:

- uimhir leathanaigh
- uimhir iarratais CAO
- d'ainm
- an dáta.


Faigh cruthúnas ar phostas agus cáipéisí á seoladh agat

Coinnigh bunchóip gach cáipéise a phostálann tú chuig DARE agus coinnigh do chruthúnas ar phostas. Is féidir leat teastas postála saor in aisce a fháil ó oifig an phoist. Más mian leat go dtabharfadh CAO deimhniú duit go bhfuarthas do cháipéisí, ní mór cárta poist stampáilte a bhfuil do sheoladh air a chur san áireamh sa chlúdach ina bhfuil do cháipéisí DARE.

Téigh i dteagmháil má tá ceisteanna agat

Déan teagmháil le comhairleoir maidir le DARE i gcoláiste rannpháirteach má tá aon cheist agat faoi d'iarratas.

Gheobhaidh tú liosta de na comhairleoirí ag www.accesscollege.ie/DARE/participating-colleges.



Spriocdhátaí le haghaidh iarratais DARE

Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, ní mór glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha DARE. Tá na téarmaí agus na coinníollacha mar chuid den fhoirm ar líne.

Ní mór go mbeidh tú faoi bhun 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir 2027.

Déan na céimeanna seo a leanas:

Dáta agus amlíne	Cad is ceart a dhéanamh
Iarratais CAO le cur isteach ó Dhéardaoin an 5 Samhain 2026	**Déan iarratas chuig CAO.** Osclófar Iarratais CAO ón 5 Samhain 2026 ag 12 meán lae. • Déan iarratas CAO ag www.cao.ie. • Téigh siar ar Lámhleabhar DARE in éineacht le do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í). • Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise (FEB) ag www.cao.ie. • Comhlánaigh do Ráiteas Tionchair Oideachsúil le do scoil. • Cruinnigh do chuid Cáipéisíochta maidir le Fianaise ar Mhíchumas.
Spriocdháta CAO: Dé Luain, an 1 Feabhra 2027 ag 5pm	**Déan iarratas chuig CAO ag** www.cao.ie
Spriocdháta DARE: Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm	**Comhlánaigh d'iarratas DARE.** Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, ní mór duit 'Tá' a thabhairt mar fhreagra ar Cheist 1 ('Ar mhaith leat go ndéanfaí thú a bhreithniú le haghaidh DARE?') ar **Chuid A** den FEB faoi 17:00 ar an 1 Márta 2027. Ní mór duit Cuid A (Ceisteanna 1-5) den Fhoirm Eolais Bhreise a chomhlánú freisin.

Dáta agus amlíne	Cad is ceart a dhéanamh
Spriocdháta le haghaidh cáipéisí eile: Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm	**Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:** Iarratais DARE 2027, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh. **Ní fhéadfar cáipéisí DARE a sheoladh ar ríomhphost ná a uaslódáil ar d'iarratas CAO.** • **Cuid B:** Ráiteas Tionchair Oideachsúil (RTO) — íoslódáil an fhoirm agus iarr ar do scoil í a chomhlánú leat. Ní mór do phríomhoide nó leas-phríomhoide do scoile an fhoirm a shíniú agus a stampáil. Cuir an RTO sa phost chuig CAO in éineacht le Cuid C nó le tuairisc leighis reatha. • **Cuid C:** Fianaise ar Mhíchumas — íoslódáil an fhoirm agus iarr ar an ngairmí leighis cuí í a chomhlánú (sa chás nach bhfuil tuairisc cháilitheach agat cheana, agus sa chás sin amháin). Cuir sa phost chuig CAO í. Ní mór duit tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch a chur isteach más de bharr disléicse/deacrachtaí suntasacha litearthachta nó dioscalcúile/deacrachtaí suntasacha uimhearthachta atá tú i mbun iarratais. (Ba cheart do shíceolaí cáilithe cuí an tuairisc sin a dhéanamh. Ní gá d'iarrthóirí a bhfuil disléicse/dioscalcúile orthu Cuid C a chomhlánú.) • **Cuid D:** Ráiteas Scoile — i gcás iarratasóirí a dtagann a n-iarratas faoin gcatagóir 'disléicse/deacrachtaí suntasacha litearthachta' agus nach bhfuil tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch acu. Iarr ar an scoil an ráiteas sin a chomhlánú agus a chur sa phost chuig CAO é in éineacht le scóir ghnóthachtála ó thástáil a rinneadh

Tar éis d'iarratais

Aibreán – Meitheamh 2027: **measúnú DARE**	Measúnófar d'iarratas DARE lena sheiceáil an gcomhlíonann tú critéir DARE.
Deireadh mhí an Mheithimh 2027: **torthaí DARE** **Deireadh mhí an Mheithimh/ Tús mhí Iúil**	Cuirfear toradh d'iarratais DARE in iúl duit ar ríomhphost. Má fhaigheann tú toradh neamh-incháilitheachta, beidh tú in ann iarratas athbhreithnithe agus achomhairc a dhéanamh.
Lúnasa 2027: **torthaí na n-athbhreithnithe agus na n-achomharc**	Más rud é go ndearna tú iarratas athbhreithnithe agus achomhairc, cuirfear an toradh in iúl duit ar ríomhphost.
Lúnasa 2027: **torthaí na hArdteistiméireachta**	• Tiocfaidh torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta amach. • Rachaidh na hiarratasóirí a bheidh incháilithe le haghaidh DARE san iomaíocht le haghaidh áiteanna pointí laghdaithe. • Déanfaidh CAO tairiscintí cúrsa do na hiarratasóirí incháilithe. • Má éiríonn leat tairiscint atá uait a fháil, beidh ort dul trí CAO chun glacadh leis.
Deireadh mhí Lúnasa agus tús mhí Mheán Fómhair 2027: **ionduchtú agus clárú**	Beidh ort freastal ar ionduchtú an choláiste DARE (réamheolas faoin gcoláiste) agus clárú leis na seirbhísí tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

Coláistí rannpháirteacha DARE

Ainm an Choláiste	Guthán	Ríomhphost	Suíomh Gréasáin
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh			
Campas Dhún na nGall	(074) 918 6172	DARE@lyit.ie	www.atu.ie
Campas na Gaillimhe	(091) 742 392	DARE.galwaymayo@atu.ie	www.atu.ie
Campas Shligigh	(071) 913 7355	DARE@itsligo.ie	www.atu.ie
Campas San Aingeal	(071) 917 9633	DARE@stangelas.ie	www.atu.ie
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	(01) 700 5927	DARE@dcu.ie	www.dcu.ie/disability
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	(01) 239 4895	DARE@iadt.ie	www.iadt.ie
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	(042) 937 0237	DARE@dkit.ie	www.dkit.ie
Institiúid Oideachais Marino	(01) 805 7752	access@mie.ie	www.mie.ie
Coláiste Mhuire gan Smál	(061) 204510	accessoffice@mic.ul.ie	www.mic.ie/access-disability
Ollscoil Mhá Nuad	(01) 708 4600	DARE@mu.ie	www.maynooth university.ie/DARE
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan			
Campas Chorcaí	(021) 433 5138	DARECork@mtu.ie	www.mtu.ie/access/ DARE
Campas Chiarraí	(066) 714 5636	DAREKY@mtu.ie	
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	(01) 636 4200	DARE@ncad.ie	www.ncad.ie
Coláiste Náisiúnta na hÉireann	(01) 584 0411	DARE@ncirl.ie	www.ncirl.ie
Ollscoil an Phápa, Má Nuad	(01) 708 4600	DARE@mu.ie	www.mu.ie/DARE
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn - Ollscoil na nEolaíochtaí Leighis & Sláinte	(01) 402 2228	DARE@rcsi.ie	www.rcsi.com/DARE
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt			
Campas Cheatharlaigh agus Loch Garman	(059) 917 5600	DARE.CW@setu.ie	www.setu.ie/study
Campas Phort Láirge	(051) 302758	DARE.WD@setu.ie	www.setu.ie/study
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	(01) 220 5097 (01) 220 8618	DARE@tudublin.ie	www.tudublin.ie/DARE
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne			
Campas Átha Luain	(090) 646 8142	DARE.midlands@tus.ie	www.tus.ie
Campais an Mheániarthair	(061) 293 112	DARE.midwest@tus.ie	www.tus.ie
Coláiste na Tríonóide	(01) 896 1968	DARE@tcd.ie	www.tcd.ie
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	(021) 490 4807	DARE@ucc.ie	www.ucc.ie/DARE
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	(01) 716 7123	DARE@ucd.ie	www.ucd.ie/all
Ollscoile na Gaillimhe	(091) 493 553	DARE@universityofgalway.ie	www.universityofgalway.ie
Ollscoil Luimnigh	(061) 213 478	DARE@ul.ie	www.ul.ie

An mbaineann DARE liom?

Le bheith incháilithe le haghaidh DARE, ní mór duit an dá rud seo a leanas a chomhlíonadh:

- **Critéir Tionchair Oideachasúil DARE agus**
- **Critéir Fhianaise ar Mhíchumas DARE**





Critéir Tionchair Oideachasúil DARE a Bhaint Amach

Gheobhaidh tú na sé tháscaire maidir leis na critéir thionchair sin i gCuid B: Tionchar Oideachasúil. Ní gá duit iad go léir a chomhlíonadh. Ní mór duit an meascán ceart de dhá tháscaire a shásamh, áfach, chun na critéir sin a chomhlíonadh.

Critéir DARE maidir le Fianaise ar Mhíchumas a chomhlíonadh

Éilíonn DARE cáipéisí ina léirítear fianaise shonrach ar mhíchumas in aghaidh gach cineáil míchumais nó reachta. Féach Cuid C: Fianaise ar Mhíchumas lena fháil amach cé na cáipéisí nach mór duit a chur isteach.

Gheobhaidh tú eolas maidir leis na critéir a úsáideann DARE chun do cháipéisí fianaise ar mhíchumas a mheas faoin gcuid 'Fianaise ar do Mhíchumas a Chur ar Fáil' ag www.accesscollege.ie/DARE.

Leid: Faigh cúnamh ó do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus úsáid an lámhleabhar seo chun cuidiú leat d'iarratas DARE a chomhlánú.



Eolas Tábhachtach faoi Iarratas DARE 2027

Tá foirm iarratais DARE roinnte ina ceithre chuid atá le léamh go cúramach. Tugtar 'Cuid A: an Fhoirm Eolais Breise' ar an gcéad chuid de d'iarratas DARE agus ní mór í a chomhlánú ar líne faoi Luan an 1 Márta 2027 ag 5pm.

Cuid A:

Foirm Eolais Bhreise (FEB)

Spriocdháta le haghaidh iarratais ar líne:
Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm



Tá cúig cheist ann sa chuid seo

Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise ar líne i d'iarratas CAO.

Cuirtear ceisteanna faoin méid seo a leanas inti:

- do mhíchumas
- na tacaíochtaí a fuair tú le linn d'oideachais iar-bhunscoile
- an tionchar a bhí ag do mhíchumas ar d'oideachas.


Ní mór duit Cuid A a chomhlánú faoi **Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm agus freagra 'Tá' a thabhairt ar cheist 1 chun iarratas a dhéanamh ar DARE.**

Treoraítear tríd an bhFoirm Eolais Breise (FEB) le haghaidh DARE thú sa lámhleabhar seo

Tá an leagan taispeána den iarratas CAO ar fáil ag www.cao.ie/demo. Is féidir é sin a úsáid chun cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoirm CAO a líonadh isteach sula gcomhlánóidh tú d'iarratas.

CÉIM 1: Logáil isteach

Logáil isteach ar d'iarratas CAO agus scrollaigh síos go bhfeice tú an chuid dar teideal 'Míchumas'.



CÉIM 2: Cliceáil ar an gcnaipe 'Athraigh Stádas Míchumais'

Cliceáil ar an gcnaipe Stádais 'Athraigh Stádas Míchumais (& Iarratas DARE)' ar an bhfoirm iarratais ar líne agus lean na treoracha a chuirtear ar fáil. Lean na treoracha a chuirfear ar fáil.

Cuid an Mhíchumais

Más mian leat cineál míchumais a nochtadh nó cur isteach ar Bhealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE), cliceáil ar an gcnaipe 'Mionathraigh Stádas Míchumais' thíos.

Mionathraigh Stádas Míchumais (agus Iarratas DARE)

CÉIM 3: Cliceáil 'Tá' agus ansin roghnaigh 'Nuashonraigh Rogha'

Dá mba mhaith leat do mhíchumas a nochtadh, roghnaigh "tá" agus cliceáil ar an gcnaipe 'Nuashonraigh Rogha' thíos. Iarrfar ort ansin an Fhoirm Eolais Bhreise a chomhlánú.

Cuid an Mhíchumais

Más mian leat an míchumas atá ort a nochtadh, cliceáil ar 'tá' agus cliceáil ar an gcnaipe 'Nuashonraigh Rogha' ansin. Iarrfar ort ansin an Fhoirm Eolais Bhreise a líonadh isteach.

Faoi mhíchumas: **Tá** ◯ Níl ◯

Cealaigh **Nuashonraigh Rogha**

CÉIM 4

Cliceáil 'Foirm Eolais Bhreise (agus déan iarratas ar DARE)'. Osclófar an fhoirm FEB ar an gcaoi sin.

Mhíchumais

Thug tú le fios go bhfuil tú faoi mhíchumas éigin.

Más maith leat breis eolais a thabhairt faoin gcineál míchumais atá ort agus/nó cur isteach ar **DARE**, comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise (FEB) le do thoil.

Tugtar eolas faoin gcaoi leis an FEB a chomhlánú sa chuid seo a leanas

An Fhoirm Eolais Bhreise (agus cuir isteach ar DARE)

CÉIM 5

Comhlíon Cuid A - Foirm Eolais Bhreise.

Treoracha Tábhachtacha

Tá Ceist 1 an-tábhachtach.

Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, ní mór duit 'Tá' a thabhairt mar fhreagra ar Cheist 1 ('Ar mhaith leat go ndéanfaí thú a bhreithniú le haghaidh DARE?') ar Chuid A den FEB faoi 17:00 ar an 1 Márta 2027.

Cinntigh go gcliceálann tú ar an gcnaipe 'CUIR ISTEACH' nuair a bheidh tú críochnaithe le d'fhoirm iarratais DARE.

Má shábháil tú d'fhoirm iarratais Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas, ná dearmad í a CHUR ISTEACH faoin 1 Márta 2027.

Le deimhniú gur chomhlánaigh tú d'iarratas ar líne i gceart (Ceisteanna 1-5), téigh chuig www.cao.ie, cliceáil ar M'Iarratas, cuir isteach do shonraí logála isteach agus seiceáil an t-eolas a chuir tú isteach.

Is féidir leat athruithe a dhéanamh ar d'iarratas DARE go dtí 17:00 ar an 1 Márta 2027.

Cuid A:

Na ceisteanna nach mór duit a fhreagairt

C1: An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí thú a bhreithniú le haghaidh DARE?

Cliceáil tú 'Tá' le cur in iúl go bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí thú a bhreithniú le haghaidh DARE.

Má roghnaíonn tú 'Níl' i gcás Ceist 1, ní dhéanfar d'iarratas le haghaidh DARE a bhreithniú fiú má chuireann tú cáipéisí tacaíochta isteach. Má fhaigheann tú áit i gcoláiste, beidh tú fós in ann leas a bhaint as tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas.

C1(b): Incháilitheacht a thabhairt ar aghaidh ó 2026 go dtí 2027.

Ní bhaineann an chuid seo ach le hiarratasóirí a rinne iarratas DARE agus a bhí incháilithe in 2026.

Baineann sí, mar shampla, le hathiarratas a dhéanamh ar CAO, an Ardteistiméireacht a athdhéanamh nó glacadh le háit i gcoláiste a cuireadh siar ó 2026. Ná comhlánaigh an chuid seo ach sa chás go ndearna tú iarratas ar DARE in 2026.

Cuirtear incháilitheacht le haghaidh DARE ar aghaidh bliain AMHÁIN a fhad is go ndéanfaidh tú an méid seo a leanas:

- Déan iarratas chuig CAO faoi Dé Luain, an 1 Feabhra 2027 ag 5pm,
- Do mhíchumas agus/nó Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta a nochtadh i d'iarratas CAO níos luaithe ná 17:00 Dé Luain, an 1 Márta 2027 agus Cuid A den Fhoirm Eolais Bhreise a chur i gcrích go hiomlán agus i gceart (FEB). Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, ní mór duit 'Tá' a thabhairt mar fhreagra ar Ceist 1 ('Ar mhaith leat go ndéanfaí thú a bhreithniú le haghaidh DARE?') ar Chuid A den FEB atá comhlánaithe go hiomlán faoi 17:00 ar an 1 Márta 2027.

- D'uimhir chruinn CAO 2026 a sholáthar faoi Cheist 1(b).

Cuireadh toradh d'iarratas DARE 2026 in iúl duit ar ríomhphost i mí an Mheithimh 2026. Má rinne tú iarratas ar CAO in 2026 agus má measadh go raibh tú incháilithe le haghaidh DARE in 2026, is féidir d'incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh chuig d'iarratas 2027. Ní mór duit d'uimhir CAO 2026 chruinn a chur isteach sa bhosca atá ar fáil.

- Éilítear ort fós gach cuid ábhartha a chomhlánú den fhoirm FEB 2027 (Cuid A), ach ní gá duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil (Cuid B) a chur ar fáil ná Cruthúnas ar Mhíchumas (Cuid C) mar chuid de d'iarratas.

- Ní mór duit a bheith níos óige ná 23 bliana d'aois ar an 1 Eanáir 2027 chun incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh ó 2026 go dtí 2027.

Bíonn na spriocdhátaí seo a leanas i bhfeidhm maidir le hincháilitheacht le haghaidh DARE a thabhairt ar aghaidh ar feadh bliana

Dé Luain, an 1 Feabhra 2027 ag 5pm:
Déan iarratas chuig CAO faoin dáta agus faoin am seo.

Dé Luain, An 1 Márta 2027 ar 5pm:
Ní mór duit do mhíchumas agus/nó do dhisléicse/deacrachtaí suntasacha litearthachta nó dioscalcúile/deacrachtaí suntasacha uimhearthachta a nochtadh i d'iarratas CAO. Ní mór duit Cuid A: Foirm Eolais Bhreise (FEB) a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn agus freagra 'Tá' a thabhairt ar Cheist 1 freisin.

Eolas Tábhachtach

Ní mór duit d'uimhir CAO 2026 chruinn a chur isteach sa bhosca atá ar fáil faoi Cheist 1(b).

Ní mór duit fós gach mír ábhartha de Chuid A: Foirm Eolais Breise 2027, a chomhlánú, ach ní gá duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil (Cuid B) ná Fianaise ar Mhíchumas (Cuid C) a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach CAO má theastaíonn eolas uait faoi d'incháilitheacht DARE 2026.

C.2 Roghnaigh do phríomh-mhíchumas

Iarrtar ort faoi Cheist 2 do phríomh-mhíchumas a léiriú.

Más rud é go bhfuil níos mó ná míchumas amháin ort, ba cheart duit do phríomh-mhíchumas a lua, is é sin an míchumas is mó a raibh tionchar aige ar d'eispéireas oideachasúil. Ní féidir leat ach aon chineál míchumais amháin a roghnú mar phríomh-mhíchumas.

C.3 Iarrtar ort eolas a thabhairt faoi aon mhíchumas eile atá ort

Iarrtar ort faoi Cheist 3 eolas a thabhairt faoi aon mhíchumas eile atá ort. Tá sé sin tábhachtach de bharr gur féidir measúnú a dhéanamh ar do mhíchumais ar fad maidir le hincháilitheacht faoi DARE sa chás go gcuirfeá an cháipéisíocht cheart ar fáil i gcás gach míchumais. Is féidir níos mó ná míchumas amháin a roghnú faoin gceist seo.

C.4 Roghnaigh tacaíochtaí a fuair tú/a d'fhéadfadh a bheith uait

Iarrtar ort i gceist 4 na tacaíochtaí ar fad a fuair tú le linn d'oideachais dara leibhéal a liostú chomh maith leis na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait in oideachas tríú leibhéal. Is féidir leat 'Tá' nó 'Ní' a roghnú do gach ceann de na tacaíochtaí seo a leanas:

- Lóistín inrochtana
- Formáid phriontála mhalartach
- Teicneolaíocht chúnta
- Seisiún ionduchtaithe maidir leis an gcampas
- Comhairleoireacht
- Tacaíocht disléicse
- Tacaíocht scrúdaithe
- Tacaíocht foghlama
- Glacadóir Nótaí
- Cúntóir Pearsanta
- Ateangaire teanga comharthaíochta
- Iompar
- Rochtain do Chathaoir Rotha

Iarrfar ort ina dhiaidh sin an bhfuair tú tacaíochtaí eile – nach n-áirítear sa liosta thuas – le linn d'oideachais iar-bhunscoile agus an mbeidh siad ag teastáil uait sa choláiste. Cinntigh go n-ainmneoidh tú na tacaíochtaí lena mbaineann.

C.5 Comhlíon do Ráiteas Pearsanta

Is deis é seo duit le hinsint dúinn faoin eispéireas a bhí agat ar scoil agus faoi na dúshláin a bhí romhat. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis seo:

- d'fheidhmíocht i scrúduithe
- rochtain ar théacsanna agus ábhair
- fadhbanna cuimhne nó airde
- cloí le spriocdhátaí
- tinreamh
- rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí iarscoile
- na tacaíochtaí a theastaigh uait i leith thionchar oideachasúil do mhíchumais
- aon rud eile a mheasann tú a bheith ábhartha.

Leideanna don Ráiteas Pearsanta:

- **Is féidir pointí urchair a úsáid.**
- **Scríobh do ráiteas pearsanta agus sábháil é i gcáipéis Word/i ndoiciméad téacs.**
- **Is féidir leat an téacs a chóipeáil isteach i gCeist 5 ar líne.**
- **Bíodh an ráiteas gonta más féidir.**

Cad chuige mo Ráiteas Pearsanta?

Is iad na Baill Foirne Tacaíochta Míchumas is mó a úsáideann an ráiteas pearsanta i gcoláistí chun cabhrú leo a dheimhniú cé na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait sa choláiste.

D'fhéadfadh DARE é a úsáid freisin chun cur leis an eolas a chuireann tusa agus do scoil ar fáil mar chuid den Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO).

Brúigh an cnaipe 'Sábháil' agus an fhoirm á líonadh isteach agat.



Cuid B:

Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO)

Spriocdháta le haghaidh cáipéisí: Dé Céadaoin, 10 Márta, 2027 ar 5pm

Cuireann an Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) ar do chumas agus ar chumas do scoile sonraí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a raibh tionchar ag do mhíchumas ar d'eispéireas in oideachas dara leibhéal. Úsáidtear an Ráiteas Tionchair Oideachasúil lena dhéanamh amach an gcomhlíonann tú critéir DARE maidir le tionchar oideachasúil do mhíchumais. Cabhraíonn an ráiteas sin linn freisin a fháil amach cé na tacaíochtaí a theastóidh uait sa choláiste.

Ba cheart don duine cuí i do scoil an seicliosta RTO a chomhlánú leat. Is féidir an duine cuí a roghnú as measc na ndaoine seo a leanas:

- Treoirchomhairleoir
- Múinteoir tacaíochta foghlama
- Ceann bliana
- Múinteoir ar cuairt (i gcás iarratasóirí a bhfuil daille, lagú radhairc, bodhaire nó breachbhodhaire orthu)
- Leas-Phríomhoide Scoile
- Príomhoide Scoile

Ba cheart go mbeadh an duine a chuirfidh an fhoirm i gcrích a bheith ar an eolas maidir le tionchar do mhíchumais ar a fheabhas agus a éiríonn leat go hacadúil agus ar do rannpháirtíocht ag scoil an dara leibhéal.

Ní mó duit amharcóir PDF a bheith suiteáilte ar do ríomhaire sula mbeidh tú in ann foirm PDF a úsáid. Is féidir le do scoil í a chomhlánú ar ríomhaire deisce nó glúine nó í a phriontáil lena comhlánú de láimh.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus d'fhoirm RTO a íoslódáil, féach Access College:
www.accesscollege.ie/DARE-supportingdocuments

An ráiteas a chur i gcrích go cruinn

D'fhéadfadh sé nach mbeadh gach cuid den RTO ábhartha duit, ag brath ar an gcineál míchumais faoina bhfuil tú agus an tionchar a bhí aige ar d'eispéireas oideachasúil. Seans nach mór don duine a mbeidh an fhoirm á comhlánú acu labhairt le múinteoirí eile chun bheith in ann na ceisteanna ábhartha a fhreagairt.

Más rud é go bhfuil tú ag déanamh do chuid scolaíocht sa bhaile, féach an chuid 'Ceisteanna Coitianta' ar www.accesscollege.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méid a chaithfidh tú a chur isteach.

Seicliosta don Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO)

Ba cheart don duine a mbeidh an fhoirm á líonadh isteach acu an seicliosta a chomhlánú leat. **Is sa seicliosta sin a leagtar amach, i do thuairim féin, an tionchar a bhí ag do mhíchumas ar d'oideachas. Fiafraigh den iarratasóir: An raibh tionchar ag do mhíchumas/ag d'fhadhb shláinte ar d'eispéireas oideachasúil ar aon cheann de na bealaí seo a leanas?**

Marcáil an freagra a thugtar de réir na ráiteas seo a leanas.

Bhí tacaíochtaí uaim agus fuair mé tacaíochtaí ar scoil agus i bhfoirm oiriúnuithe scrúdaithe.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯
Cuireadh isteach ar mo thinreamh ranga.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯
Bhí tionchar aige sin ar m'eispéireas iomlán ar scoil.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯
Bhí tionchar aige ar mo thorthaí scrúduithe agus ar m'fhoghlaim.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯
Chuir sé isteach ar chúrsaí oideachais eile nach bhfuil liostaithe thuas.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯
Tá disléicse/deacrachtaí suntasacha litearthachta nó dioscalcúile/ deacrachtaí suntasacha uimhearthachta agus chuir an méid sin isteach ar mo chumas litearthachta agus/nó uimhearthachta.	Is fíor ◯	Ní fíor ◯

An Chaoi leis an Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) a Chomhlánú

- Ba cheart duitse nó do do mhúinteoir an Ráiteas Tionchair Oideachasúil a íoslódáil ó www.accesscollege.ie/DARE-supportingdocuments.
- Ansin, is faoi do scoil atá sé an fhoirm a chomhlánú agus na leathanaigh ar fad a phriontáil.
- Ba cheart duit féin agus do thuismitheoir/chaomhnóir an fhoirm a shíniú.
- Ní mór do do phríomhoide scoile agus do do leas-phríomhoide an fhoirm a shíniú agus a stampáil.



Critéir Tionchair Oideachasúil DARE a Chomhlíonadh

Ní mór go raibh tionchair áirithe ag do mhíchumas ar d'oideachas chun go gcomhlíonfaidh tú Critéir Tionchair Oideachasúil DARE. Go háirithe, ní mór go ndeachaigh dhá thráscaire tionchair oideachasúil ar a laghad i bhfeidhm ort.

Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil disléicse orthu/deacrachtaí suntasacha litearthachta acu nó dioscalcúile orthu/deacrachtaí suntasacha uimhearthachta acu táscaire 6 agus táscaire amháin eile a chomhlíonadh chun critéir tionchair oideachasúil DARE a shásamh. Ní mór do gach iarratasóir eile dhá thráscaire as measc tháscairí 1 go 5 a chomhlíonadh.

Má tá ceist roinnte ina codanna agus mura dtugann tú freagra 'Tá' [nó 'Is fíor'] ach ar chuid amháin di, áireofar é sin mar cheann den dá chritéar is gá.

---

1. Idirghabháil agus Tacaíochtaí

- An bhfuil sé fíor go bhfuair tú tacaíocht bhreise ar scoil de bharr thionchar do mhíchumais? NÓ
- An bhfuil sé fíor gur cuireadh oiriúnuithe scrúdaithe i bhfeidhm ar do shon don Ardteistiméireacht?

---

2. Tinreamh agus Cur Isteach

- An bhfuil sé fíor gur chaill tú líon suntasach laethanta scoile de bharr do mhíchumais? NÓ
- An bhfuil sé fíor gur chaill tú líon suntasach ranganna nó nach raibh tú in ann cúrsa na laethanta iomlána scoile a sheasamh? Seans gurb éard is cúis leis sin ná, mar shampla, riachtanais cúraim phearsanta, cruinnithe le haghaidh tacaíocht foghlama, tuirse nó go bhfágann do mhíchumas nó d'fhadhb shláinte ná go gcaithfidh tú sosanna a ghlacadh ó ranganna.

---

3. Taithí Scoile agus Folláine

- An bhfuil sé fíor gur cuireadh bac ar do chumas chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht seach-churaclaim mar thoradh ar do mhíchumas/ar d'fhadhb shláinte? NÓ
- An bhfuil sé fíor gur theastaigh uait agus go bhfuair tú tacaíocht de bharr thionchar mothúchánach do mhíchumais nó d'fhaidhbe sláinte le linn duit a bheith i mbun oideachas dara leibhéal? NÓ
- An bhfuil sé fíor go nglacann sé méid suntasach ama ort obair scoile a chur i gcrích nó staidéar a dhéanamh de bharr thionchar d'fhaidhbe sláinte? NÓ
- An bhfuil srian leis an méid ama is féidir leat a chaitheamh ar obair scoile nó ar staidéar toisc go gcaithfidh tú déileáil le do mhíchumas nó le d'fhadhb shláinte?

4. Foghlaim agus Torthaí Scrúduithe

- Sa chás gur thosaigh do mhíchumas nó do riocht sláinte nó gur éirigh sé níos measa le linn d'oideachais iar-bhunscoile, an bhfuil sé fíor go raibh tionchar aige sin ar do thorthaí scrúdaithe? NÓ
- An bhfuil sé fíor go raibh dúshláin bhreise romhat le hais do pháirtithe ranga maidir le hobair bhaile a chur i gcrích, staidéar a dhéanamh le haghaidh scrúduithe, páirt a ghlacadh sa rang nó rochtain a fháil ar an gcuraclam de bharr do mhíchumais? NÓ
- An bhfuil sé fíor go bhfreastalaíonn tú ar scoil a dtugtar tacaíocht di nó ar scoil speisialaithe scoil do dhaoine bodhra?

5. Tionchar Oideachasúil Eile

- An bhfuil aon tionchar oideachasúil eile ann a bhaineann le do mhíchumas agus nach luaitear faoi na codanna roimhe seo?

6. Disléicse nó dioscalcúile

Scóir ghnóthachtála maidir le disléicse/deacrachtaí suntasacha litearthachta:

- An bhfuil dhá scór litearthachta agat ag an 10ú peircintíl nó faoina bun ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin?

NÓ scóir ghnóthachtála agat maidir le dioscalcúile nó deacrachtaí suntasacha uimhearthachta?

- An bhfuil scór uimhearthachta amháin agat ag an 10ú peircintíl nó faoina bun ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin?

Ní mór duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) ón iar-bhunscoil ar a bhfuil tú ag freastal faoi láthair a chur isteach

Mura bhfuil tú ag freastal ar scoil a thuilleadh, ba cheart duit RTO ón iar-bhunscoil is déanaí ar fhreastail tú uirthi a chur isteach.

Ní chuirfidh DARE san áireamh foirmeacha RTO ar chomhlánaigh coláiste PLC nó FET iad agus d'incháilitheacht le haghaidh DARE á seiceáil acu.

Seans nach mór duit RTO ó níos mó ná scoil amháin a chur isteach

D'fhéadfadh sé nach í do scoil reatha an t-aon scoil ar fhreastal tú uirthi i rith d'oideachais iar-bhunscoile ar fad. Más amhlaidh atá, ba cheart duit an dara RTO ón scoil ar ar fhreastail tú roimh an gceann seo a chur isteach más gá duit tuilleadh eolais a chur ar fáil faoin tionchar a bhí ag do mhíchumas ar d'oideachas.

Sínithe a fháil agus cloí leis an spriocdháta:

Nuair a phriontálfaidh do scoil an RTO, ba cheart duitse agus do do thuismitheoir(í)/do chaomhnóir(í) (más rud é go mbeidh tú faoi bhun 18 mbliana d'aois ar an 1 Eanáir 2027) an fhoirm a shíniú lena léiriú go nglacann tú leis go bhfuil an t-ábhar cruinn agus iomlán.

Ní mór go mbeadh sé sínithe ag príomhoide nó leas-phríomhoide na scoile agus go mbeadh stampa na scoile air.

Ní féidir leat na freagraí ar an RTO a athrú tar éis a shínithe.

Má mheasann DARE go bhfuil eolas bréige ar RTO, féadfaidh DARE teagmháil a dhéanamh le scoileanna chun t-eolas a cuireadh isteach a sheiceáil.

Má fhaightear amach gur athraigh an t-iarratasóir an RTO, ní bheidh an t-iarratasóir incháilithe. Cinntigh go sroichfidh an Ráiteas Tionchair Oideachasúil a sheoltar chuig CAO an ceann scríbe faoin 10 Márta 2027.



Cuid C:

Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Spriocdháta le cur isteach air: Dé Céadaoin, 10 Márta, 2027 ar 5pm

Éilítear ort i gcás DARE cruthúnas ar do mhíchumas mar chuid de d'iarratas.

Is féidir leat Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 a íoslódáil ó www.accesscollege.ie/DARE-supportingdocuments.

Úsáideann DARE do cháipéisí fianaise ar mhíchumas lena sheiceáil an gcomhlíonann tú critéir DARE maidir le fianaise ar mhíchumas. Úsáideann coláistí agus ollscoileanna DARE an t-eolas sin lena shocrú cé na cineálacha tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait nuair a bheidh tú sa choláiste.

Ní bheidh d'iarratas críochnaithe ach go gcuirfidh tú fianaise ar do mhíchumas ar fáil faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm.

An Chaoi le Cruthúnas ar Mhíchumas a Fháil ó Ghairmí Cuí

Agus an cháipéisíocht mhíchumais á cur isteach agat, cinntigh an méid seo a leanas:

- Gur chomhlánaigh agus gur shínigh an gairmí cuí í.
- Gur líon an gairmí cuí gach cuid den fhoirm isteach.
- Go bhfuil an scríbhneoireacht ar an bhfoirm soléite.
- Go bhfuil diagnóis shoiléir ar do mhíchumas ann. (Ní leor cáipéisí nach luaitear ach diagnóis tosaigh, diagnóis dhóchúil nó seandiagnóis maidir le do riocht sláinte nó do mhíchumas iontu.)
- Go bhfuil stampa an ghairmí chuí ar an gcáipéis, go bhfuil sí ar pháipéar ceannteidil nó go bhfuil cárta gnó an ghairmí san áireamh léi.


Cineálacha Cruthúnais ar Mhíchumas a nGlacfar Leo:

- Úsáid tuairisc reatha atá agat cheana.
- Faigh cóip d'Fhoirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 arna comhlánú ag an ngairmí cuí (speisialtóir nó dochtúir comhairleach).
- Seiceáil na treoirtháblaí chun eolas a fháil maidir leis an gcineál/na cineálacha fianaise inghlactha is féidir leat a chur ar fáil. Ní mór dáta nach sia ná trí bliana ar a mhéad ón 1 Feabhra 2024 a bheith ar thuairiscí leighis áirithe. Mar sin de, tá siad le léamh go cúramach.

An bhfuil tú idir dhá chomhairle faoi rud éigin nó an bhfuil ceist agat?

Mura bhfuil tú cinnte faoin bhfianaise nach mór duit a chur ar fáil, déan teagmháil le ball d'fhoireann DARE i gcoláiste rannpháirteach.

Tá sonraí teagmhála le fáil ar leathanach 11.



Cuid C:

Foirm Fianaise ar Mhíchumas

Tá gá le fíorú ó DG agus ó ghairmí eile

Ní féidir le DARE glacadh ach le diagnóis a rinne gairmí cuí (speisialtóir nó dochtúir comhairleach). Is eol do DARE, áfach, go bhféadfadh sé a bheith deacair uaireanta freagra a fháil ón ngairmí cuí chun do dhiagnóis reatha ar mhíchumas a dheimhniú nó chun tuairisc uasdátaithe a fháil. Sin an fáth a molann DARE duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir ginearálta (DG) le haghaidh cúnaimh.

Is féidir le do DG cabhrú leat go páirteach chun do dhiagnóis a fhíorú (a dheimhniú). Beidh cáipéis an ghairmí eile ina ndeimhnítear do dhiagnóis ag teastáil ó DARE fós, agus í sínithe (nó stampáilte) agus dátaithe ag an ngairmí sin.

Tábhachtach: Mura seolann tú ACH diagnóis a rinne do dhochtúir ginearálta (DG) ar do mhíchumas chugainn, ní bheidh DARE in ann glacadh léi. Ní bheidh tú incháilithe chun go gcuirfidh DARE d'iarratas san áireamh.

Na céad chéimeanna eile le déanamh tar éis duit an fhianaise a éilítear á bhailiú

Nuair a gheobhaidh tú fíorú ar do mhíchumas ó do DG, beidh ort cóipeanna de dheimhniú do GP AGUS de cháipéis an ghairmí atá cuí do DARE a sheoladh, agus iad sínithe agus dátaithe ar pháipéar ceannteidil an ghairmí nó seolta in éineacht le cárta gnó an ghairmí.

Bíonn teorainneacha ama ag baint le roinnt cáipéisí ina ndeimhnítear diagnóis

Ní bhíonn aon teorainn ama ag baint le roinnt cáipéisí ó ghairmithe cuí ina ndeimhnítear diagnóis ar mhíchumas, ach tá cáipéisí eile ann a mbíonn teorainn ama trí bliana ag baint leo. Má tá ceann amháin nó níos mó de na ceithre riocht seo a leanas ort, ní mór duit an cháipéis maidir le do dhiagnóis a fuair tú ó ghairmí atá cuí do DARE a sheiceáil chun a dheimhniú go bhfuil sí fós cothrom le dáta:

- NEA (neamhord an easnaimh airde)
- NEAH (neamhord an easnaimh airde agus na hipirghníomhaíochta)
- Riocht meabhairshláinte
- Tinneas Suntasach Leanúnach



Treoir maidir le cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil

Is treoir é seo chun cuidiú leat a fháil amach cé na cáipéisí tacaíochta a theastaíonn mar chuid de d'iarratas DARE. Moltar go láidir do na hiarratasóirí féachaint ar an gcuid darb ainm "Cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil" ar www.accesscollege.ie chun na sonraí ar fad a fháil

Is féidir leat dul i dteagmháil le ball d'fhoireann DARE ag na coláistí rannpháirteacha.chun treoir a fháil.

Cineál Míchumais	Cáipéisíocht Chuí	Cineál Cleachtóra Ghairmiúil	Cé chomh fada siar is a d'fhéadfadh dáta na cáipéise a bheith agus í fós bailí?
Neamhord Easnaimh Airde (NEA)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Síciatraí Comhairleach NÓ Síceolaí NÓ Néareolaí NÓ Péidiatraí	Caithfidh an dáta a ndearnadh í a bheith trí bliana ó shin ar a mhéad. Dáta:1 Feabhra 2024. Ní mór tástálacha a úsáideadh don diagnóis a bheith san áireamh sa tuairisc.
Neamhord de chuid speictream an uathachais (agus siondróm Asperger san áireamh)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Síciatraí Comhairleach NÓ Síceolaí NÓ Néareolaí NÓ Péidiatraí	Aon dáta. Ní mór tástálacha a úsáideadh don diagnóis a bheith san áireamh sa tuairisc.

Cineál Míchumais	Cáipéisíocht Chuí	Cineál Cleachtóra Ghairmiúil	Cé chomh fada siar is a d'fhéadfadh dáta na cáipéise a bheith agus í fós bailí?
Daille/lagú radhairc	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Oftailmeolaí NÓ	Aon dáta.
Bodhaire/ breacbhodhaire (catagóirí: closghram, scoil do dhaoine bodhra, ionphlandú cochla)	(A) Closghram. (B) Litir ó phríomhoide scoile do dhaoine bodhra ina ndeimhnítear tinreamh NÓ Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027. (C) Tuairisc reatha ina ndeimhnítear ionphlandú cochla NÓ Foirm Cruthúnas ar Mhíchumas 2027 (ach ní ghlacann DARE le tuairiscí ó mhiondíoltóirí mórshráide).	(A) Éisteolaí diagnóiseach/ cliniciúil atá cláraithe le hAcadamh Éisteolaíochta na hÉireann (IAA) NÓ éisteolaí de chuid FSS. (B) Príomhoide scoile do dhaoine bodhra. (C) Comhairleach cluaise, sróine agus scornaí (CSS) NÓ comhordaithe cláir ionphlandaithe cochla.	Aon dáta.
Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) - Diospraicse	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Teiripeoir Saothair NÓ Néareolaí NÓ Fisiteiripeoir NÓ Péidiatraí	Aon dáta.
Riocht Meabharshláinte	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Síciatraí Comhairleach ar an gclár speisialtóirí	Caithfidh an dáta a ndearnadh í a bheith trí bliana ó shin ar a mhéad. Dáta:1 Feabhra 2024.
Riocht Néareolaíoch (lena n-áirítear Gortú Inchinne agus Titimeas)	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Néareolaí NÓ Comhairleoir ábhartha eile	Aon dáta.

Cineál Míchumais	Cáipéisíocht Chuí	Cineál Cleachtóra Ghairmiúil	Cé chomh fada siar is a d'fhéadfadh dáta na cáipéise a bheith agus í fós bailí?
Míchumas Fisiciúil	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Comhairleoir Ortaipéideach NÓ Comhairleoir ábhartha eile cuí don mhíchumas nó riocht.	Aon dáta.
Tinneas Suntasach Leanúnach	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Comhairleoir Ortaipéideach NÓ Comhairleoir ábhartha eile cuí don mhíchumas nó riocht.	Caithfidh an dáta a ndearnadh í a bheith trí bliana ó shin ar a mhéad. Dáta:1 Feabhra 2024.
Neamhord Cumarsáide Urlabhra agus Teanga	Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 NÓ Tuarascáil reatha	Teiripeoir Urlabhra agus Teanga.	Aon dáta.
Disléicse nó deacrachtaí suntasacha litearthachta (A: tuairisc measúnaithe shíceolaíoch ina n-aithnítear disléicse NÓ B: deacrachtaí suntasacha litearthachta gan gá a bheith le tuairisc den chineál sin)	(A) Tuairisc measúnaithe shíceolaíoch ina n-aithnítear disléicse. (B) Cuid D: Ráiteas Scoile	(A) Síceolaí. (B) Ní mór do mhúinteoir riachtanas speisialta oideachais, príomhoide scoile nó leas-phríomhoide scoile Cuid D a shíniú: Ráiteas Scoile	Aon dáta.
Dioscalcúile/ Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta	Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch	Síceolaí	Aon dáta.

***Nóta tábhachtach d'iarratasóirí a bhfuil disléicse orthu/deacrachtaí suntasacha litearthachta acu nó dioscalcúile orthu/deacrachtaí suntasacha uimhearthachta acu**

Má tá disléicse ort/deacrachtaí suntasacha litearthachta agat, ní mór duit tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch NÓ Cuid D a chur isteach: Ráiteas Scoile. Chomh maith leis sin, ní mór do na hiarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta dhá scór gnóthachtála litearthachta a bheith acu atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun (Scór Caighdeánach de 81 nó faoina bhun) ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin.

Ní mór tuarascáil measúnaithe shíceolaíoch iomlán a chur isteach i gcás iarratasóirí ar a bhfuil dioscalcúile/deacrachtaí suntasacha uimhearthachta. Chomh maith leis sin, ní mór do na hiarratasóirí scór gnóthachtála uimhearthachta amháin a bheith acu atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun (Scór Caighdeánach de 81 nó faoina bhun) ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin.

An áit le do scóir ghnóthachtála a fháil

ó thástáil ghnóthachtála scoilbhunaithe agus/nó scóir ó thástálacha gnóthachtála a rinne síceolaí. Ní mór don tástáil a bheith déanta ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin. Ní mór don tástáil a bheith déanta ar an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin agus ní mór do na hiarratasóirí ar fad RTO a chur isteach arna chomhlánú ag a scoil.

Foirm Fianaise ar Mhíchumas:

Má chuireann tú tuairisc reatha isteach, cinntigh gur chomhlánaigh agus gur shínigh an gairmí cuí í; go bhfuil na sonraí céanna agus a iarradh i gCuid C: Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2027 inti; go bhfuil an dáta laistigh den teorainn ama chuí; agus go bhfuil stampa an ghairmí uirthi, go bhfuil sí ar pháipéar ceannteidil nó go bhfuil cárta gnó an ghairmí san áireamh léi.

Cuid D:

Ráiteas Scoile



Spriocdháta le cur isteach air:
Dé Céadaoin, an 10 Márta, 2027 ar 5pm

Ní bhaineann an chuid seo leat ach má thagann d'iarratas faoin gcatagóir 'disléicse nó deacrachtaí suntasacha litearthachta'.

Seicliosta: An bhfuil d'iarratas faoin gcatagóir 'disléicse nó deacrachtaí suntasacha litearthachta'?	Tá ◯	Níl ◯
Más é 'Tá' do fhreagra, an bhfuil tuairisc measúnaithe shíceolaíoch ina n-aithnítear disléicse agat? Cuir isteach í má tá.	Tá ◯	Níl ◯
Más é 'Níl' do fhreagra, ní mór duit Cuid D: Ráiteas Scoile a chur isteach mar thaca le d'iarratas. Is féidir leat cáipéis Chuid D a íoslódáil ó www.accesscollege.ie/DARE-supportingdocuments.		◯
Ní mór do mhúinteoir riachtanas speisialta oideachais (RSO) do scoile do Ráiteas Scoile a chomhlánú.		◯
Ní mór do phríomhoide nó leas-phríomhoide do scoile é a shíniú.		◯
Ní mór duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil ina luaitear do scóir gnóthachtála litearthachta dar dáta an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh a chur isteach freisin.		◯

Treoracha Tábhachtacha le haghaidh d'Iarratas DARE

1. Déan teagmháil le DARE má theastaíonn cabhair uait

Má theastaíonn comhairle nó treoir uait maidir le haon cheann de na gnéithe de d'iarratas, déan teagmháil le ball den fhoireann DARE.

2. Tabhair am duit féin

Is minic a thógann sé roinnt míonna chun do cháipéisí maidir le Cruthúnas ar Mhíchumas a bhailiú. Cuir tús leis an gcáipéisíocht a bhailiú a luaithe agus is féidir mar sin.

3. Cloígh leis na hamlínte

Cloígh go docht le gach spriocdháta ó tharla nach nglacann DARE le hiarratais dhéanacha.

4. Inis dúinn faoi gach cineál míchumais a bhfuil tú faoi

Is féidir le DARE gach cineál míchumais a bhfuil tú faoi a mheas le haghaidh incháilitheachta faoi DARE. Ciallaíonn sé sin nach mór duit na cáipéisí cearta maidir le Fianaise ar Mhíchumas a thabhairt in aghaidh gach cineáil míchumais a chuireann tú in iúl do DARE.

5. Ní mór gur i mBéarla nó i nGaeilge na cáipéisí a sheolann tú

Ní mór aistriúchán deimhnithe Béarla ar cháipéisí nár eisíodh i mBéarla ná i nGaeilge ar dtús a bheith agat. Ní mór fótachóipeanna A4 deimhnithe de na buncháipéisí sin a bheith agat freisin. Beidh seirbhís aistriúcháin ghairmiúil in ann cabhrú le gach cáipéis a dheimhniú ach é sin a iarraidh. Seans go ngearrfar táille air sin.

Is tusa atá freagrach

Tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú gur chomhlánaigh tú d'iarratas DARE go hiomlán, go cruinn agus go tráthúil. Níl do scoil freagrach as d'fhoirm iarratais ná as cáipéisíocht a sheoladh ar do shon chuig CAO.

Beartas DARE maidir le comhfhreagras

Ní phléifidh DARE d'iarratas le haon duine ach leat féin, le do thuismitheoir(í) nó do chaomhnóir(í) nó le duine a d'aimnigh tú féin. Ní ghlacfar le haon chomhfhreagras ó thríú páirtí.

Seiceáil do chuntas ríomhphoist go rialta le haghaidh fógraí tábhachtacha ó CAO faoi phróiseas iarratais DARE.



Tábhachtach: cáipéisí a chur sa phost chuig CAO

An áit chuig ar cheart duit do chuid cáipéisí a sheoladh

Faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm, cuir sa phost do Ráiteas Tionchair Oideachasúil agus do cháipéisí Fianaise ar Mhíchumas chuig:
Iarratais DARE 2027
CAO
Tower House
Sráid Eglinton
Gaillimh

Cuir d'uimhir CAO leis i gcónaí

Ní mór duit d'ainm agus d'uimhir CAO cheart don bhliain 2027 a chur san áireamh i ngach cáipéis a chuireann tú chuig CAO.

An chaoi le do chuid leathanach a lipéadú

Ar thosach gach leathanaigh, scríobh uimhir an leathanaigh, d'uimhir iarratais CAO, d'ainm agus an dáta.

- Coinnigh na bunchóipeanna de na doiciméid ar fad chomh maith le cruthúnas ar phostas.
- Faigh teastas postála saor in aisce mar chruthúnas ar phostas ó oifig an phoist.
- Cuir cárta poist stampáilte a bhfuil do sheoladh air san áireamh le do cháipéisí. Seolfaidh DARE é sin ar ais chugat lena chur in iúl duit gur shroich do cháipéisí CAO go sábháilte.

Ní dhéanfaidh DARE teagmháil leat maidir le cáipéisí atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn, mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarrann DARE curtha ar aghaidh agat faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ag 5pm. Déan teagmháil le comhairleoir DARE más tá aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisí isteach.

Na chéad chéimeanna eile sa phróiseas iarratais

Céard a tharlóidh ansin

Tar éis duit do cháipéisí Fianaise ar Mhíchumas agus do Ráiteas Tionchair Oideachasúil a chur isteach faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027, measúnóidh DARE d'iarratas lena sheiceáil an bhfuil tú incháilithe le haghaidh DARE.

An chaoi a measúnaíonn DARE iarratais

Le bheith incháilithe le haghaidh DARE, ní mór go raibh tionchar diúltach ag do mhíchumas ar d'oideachas iar-bhunscoile.

Ní féidir le DARE d'iarratas a mheas ach sa chás gur chuir tú an méid seo a leanas ar fáil:

- cáipéisí cuí Fianaise ar Mhíchumas lena gcomhlíontar critéir DARE.
- Ráiteas Tionchair Oideachasúil lena gcomhlíontar critéir DARE – ní mór duit an meascán ceart de thráscairí tionchair oideachasúil a chomhlíonadh.

Ní fhéadfar cáipéisí a mheas ach sa chás gur thug tú freagra 'Tá' ar Cheist 1 ar Chuid A den FEB arna chomhlánú go hiomlán faoi Dé Luain, an 1 Márta 2027 ag 5pm. Bunaíodh na critéir sin le grúpaí éagsúla saineolaithe ar fud na hearnála, ina measc, gairmithe i gcoláistí; dochtúirí; agus gairmithe leighis, síceolaíochta agus míchumais.

Céard a tharlóidh sa chás go bhfuil mé incháilithe le haghaidh DARE?

Is féidir leat dul san iomaíocht le haghaidh ceann de na háiteanna laghdaithe pointí atá ar fáil i gcoláistí agus in ollscoileanna atá páirteach in DARE.

Gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh toradh d'iarratais DARE ag deireadh mhí an Mheithimh 2027.

Beidh ort fós na bunriachtanais iontrála agus chúrsa a chomhlíonadh.

Mar shampla, seans go mbeidh ort grád ar leith a bhaint amach in ábhar áirithe. Tabhair faoi deara, freisin, go dtugann DARE míniú ar chásanna tarscaoilte (díolúine) teanga toisc go bhféadfaidís sin a bheith ábhartha do roinnt iarratasóirí.

Cuir tú féin ar an eolas faoi na ceanglais

Is féidir leat teacht ar shonraí faoi áiteanna atá ar fáil agus bunriachtanais iontrála chúrsa ar www.accesscollege.ie freisin.

Céard a tharlóidh sa chás nach bhfuil mé incháilithe le haghaidh DARE?

Cuirfidh DARE in iúl duit an fáth a raibh d'iarratas neamh-incháilithe.

Seans go mbeidh tú in ann áit a fháil sa choláiste má chomhlíonann tú na riachtanais iontrála do do rogha cúrsa, má tá dóthain pointí agat agus má tá dóthain áiteanna ar fáil. Má fhaigheann tú áit sa choláiste ar an mbealach sin, beidh tú fós in ann go leor tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta a fháil agus tú i mbun staidéir sa choláiste.

Tá mé neamh-incháilithe – an bhféadfainn athbhreithniú ar m'iarratas a iarraidh?

Má fhaigheann tú toradh neamh-incháilitheachta, beidh tú in ann athbhreithniú ar d'iarratas a lorg tríd an bpróiseas athbhreithnithe agus achomhairc. Is é is aidhm don phróiseas sin ná a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach iarratasóir DARE agus go gcuirtear nósanna imeachta an mheasúnaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe agus achomhairc ag www.accesscollege.ie/DARE/review-appeals.

Cé ar féidir liom teagmháil a dhéanamh leo má fhaighim toradh neamh-incháilitheachta?

Má fhaigheann tú toradh neamh-incháilitheachta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le coláistí rannpháirteacha ina bhfuil ball foirne atá in ann comhairle a chur ort maidir le hiarratas a dhéanamh ar phróiseas athbhreithnithe agus achomharc DARE.

Gheobhaidh tú liosta de na coláistí rannpháirteacha ar leathanach 11 sa lámhleabhar seo nó tabhairt cuairt ar www.accesscollege.ie

Mura bhfuilim incháilithe le haghaidh DARE, an mbeidh tacaíochtaí eile ar fáil má fhaighim áit sa choláiste?

Fiú mura bhfuil tú incháilithe le haghaidh DARE, beidh tacaíochtaí eile ar fáil duit sa choláiste. Is féidir le gach mac léinn atá faoi mhíchumas fíoraithe, bíodh sé gur tháinig siad faoi phróiseas DARE nó nár tháinig, go leor tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta a fháil fós agus iad i mbun staidéir sa choláiste.

Gheobhaidh tú breis eolas faoin tacaíocht atá le fáil ar an gcoláiste ag www.accesscollege.ie

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgid don choláiste freisin. Is ionann SUSI agus Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn, an phríomhfhoinse cúnaimh airgid atá ar fáil ó Stát na hÉireann do mhic léinn ar chúrsaí lánaimseartha iar-Ardteistiméireachta (PLCanna) agus fochéime ardoideachais. Cuireann sé cineálacha éagsúla deontais ar fáil do mhic léinn a cháilíonn.

Céimeanna le déanamh

- Cruthaigh cuntas SUSI a luaithe a osclaítear seirbhís SUSI gach bliain.
- Chun eolas mionsonraithe a fháil maidir le tacaíocht airgid agus deontais mic léinn atá ar fáil tráth a bhfuiltear ag dul isteach san ardoideachas, logáil isteach ar www.susi.ie.
- Úsáid an tAiritheoir Incháilitheachta do Dheontais (‹Grant Eligibility Reckoner›) lena fháil amach an gcomhlíonann tú critéir SUSI le maoiniú deontais mic léinn a fháil.
- Déan iarratas air go luath agus seol ar ais, a luaithe is féidir, na cáipéisí a iarrfar.
- Cuir tic leis an rogha SUSI ar d'iarratas CAO chun do chúrsa coláiste a chomhroinnt le SUSI.

Bí ar an eolas

Ar chuimhnigh tú ar... Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR)?

Ba cheart duit cur isteach ar HEAR agus ar DARE araon má bhaineann siad leat. Is scéim iontrála ardoideachais é Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) d'fhágálaithe scoile (faoi 23 bliain d'aois) a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas (sa choláiste) de bharr a gcúlra eacnamaíoch nó sóisialta. Más rud é go raibh tionchar ag do chúlra socheacnamaíoch ar d'oideachas iar-bhunscoile agus má tá tú incháilithe, seans gur féidir le HEAR cabhrú leat áit a fháil sa choláiste ar phointí laghdaithe.

Le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.accesscollege.ie/hear.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar DARE agus HEAR araon

Bíonn na dúshláin is mó roimh scoláirí faoi mhíchumas ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh áit a fháil sa choláiste de. Ghlac coláistí rannpháirteacha DARE agus HEAR leis go dtabharfaidís tosaíocht do scoláirí faoi mhíchumas ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus áiteanna pointí laghdaithe á leithdháileadh acu. Is é is aidhm dó sin cur le líon na mac léinn san ardoideachas a bhfuil an 'míbhuntáiste dúbailte' sin rompu.

Tábhachtach: Má tá tú incháilithe le haghaidh HEAR agus DARE, measfar gur iarratasóir tosaíochta thú agus beidh tú in ann dul san iomaíocht le haghaidh tairiscintí tosaíochta pointí laghdaithe.

Nithe le Cuimhneamh Orthu

Tarscaoiltí teanga

Bíonn riachtanais ghinearálta iontrála/mháithreánaigh ó thaobh teanga de i bhfeidhm ag roinnt coláistí maidir le cúrsaí áirithe. Sula ndéanfaidh tú iarratas ar aon chúrsa, tá sé tábhachtach na híosriachtanais iontrála a sheiceáil ar shuíomh gréasáin an choláiste agus ina réamheolaire. Mura gcomhlíonann tú na híosriachtanais sin agus má chreideann tú go bhféadfá a bheith incháilithe le haghaidh díolúine, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an gcomhlacht ábhartha (féach www.cao.ie/exemptions).

Tabhair faoi deara, más rud é gur thug an Roinn Oideachais díolúine duit ó staidéar na Gaeilge ar an leibhéal iar-bhunscoile, go caithfear fós na céimeanna a leagtar amach ag www.cao.ie/exemptions a dhéanamh chun díolúine a fháil ó na híosriachtanais atá i bhfeidhm i gcoláiste. Ní leor díolúine scoile, mar sin, déan cinnte go seiceálfaidh tú an méid sin.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Ní mór do mhic léinn i bhformhór na gcúrsaí cúraim sláinte nó múinteoireachta gairmiúla foirm dearbhaithe leighis a chomhlánú ag am éigin. Deimhnítear san fhoirm sin nach bhfuil siad faoi mhíchumas ná nach bhfuil galar suntasach leanúnach orthu a bhféadfadh moill nó bac a chur orthu an clár gairmiúil a thosú nó a chur i gcrích dá bharr.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.accesscollege.ie/DARE/help/

Seicliosta don iarratas

Ráiteas Tionchair Oideachasúil — Comhlánaigh le do scoil é.	○
Fianaise ar Mhíchumas — Cinntigh gur chomhlánaigh an gairmí cuí leighis nó oideachais do cháipéisí, agus gur trí bliana ar a mhéad atá imithe thart ó rinneadh é sin (más infheidhme).	○
Seiceáil go bhfuil d'Fhianaise ar Mhíchumas sínithe AGUS stampáilte nó ar pháipéar ceannteidil nó go bhfuil cárta gnó curtha san áireamh léi.	○
Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil disléicse orthu nó deacrachtaí suntasacha litearthachta acu tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch dar dáta ar bith a chur isteach NÓ Cuid D: Ráiteas Scoile AGUS scóir ghnóthachtála (maidir le litearthacht) dar dáta an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin a chur isteach.	○
Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil dioscalcúile orthu nó deacrachtaí suntasacha uimhearthachta acu tuairisc iomlán measúnaithe shíceolaíoch dar dáta ar bith AGUS scóir ghnóthachtála (maidir le huimhearthacht) dar dáta an 1 Feabhra 2025 nó ina dhiaidh sin a chur isteach.	○

Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:

Iarratais DARE 2027, CAO, Tower House,
Sráid Eglinton, Gaillimh

faoi Dé Céadaoin, an 10 Márta 2027 ar 5pm.

DARE DISABILITY ACCESS ROUTE TO EDUCATION

Guímid gach rath ort i d'iarratas ar DARE



HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

CAO
www.cao.ie